Sgéulta na bhFianna

Micilín Mac Donnchadha

Cárna

---

Baisteadh Finn 7 an Cos ar Deanadh Rí Dé.

Bealach na Trágha

Leomhan Dalta Rí Lochlannach

An Dearg Mór

Caitheadh na bPunan.

"Caitheadh na bPunan" a d'fhág Réidh na Fianna.



## An Céud Sgéul

## Baisteadh Finn agus an Cos ar Deanadh Rí Dé.

Bhí an féin ina dá gcuid ar dtús
na Clanna Bóirne agus na Clanna Baoighill.
Thosuigh siad féin ar a chéile ansom ag
iarradh an maighistireacht a bheith ag ceann
eicint acab. Buaileadh na Clanna Baoighill
agus marbhuigheadh iad. Bhí athair Fionn Mac
Cúil pósta ag inghean Rí Dé na Clanna
Bóirne agus marbhuigheadh sa troid é. ach
de Clanna Baoighill ba sheadh athair
Fionn Mac Cúil. Bhí an inghean seo-sí
sin máthair Fhionn - le h-agaidh clainne agus
Cuir a h-athair féin suas i mbarr i tighe i le
faitchios go bhfanfadh duine a bhí de na
Clanna Baoghaill beó. Bhí máthair Cúil beó
Séurd abí innte sean bean agus ní raibh
suntas a bhit dá thabhairt di ach bhí sí
a faire na cúirte ariain gur airigh sí
máthair Fionn le h-agaidh páisde. Bhí

áirḋeal ag máṫair Fionn freisin mar ḃí
fios aici go mbeaḋ máṫair Ċúl a faireaḋ
ar a bpáisde agus bí sí leis an páisde a
ċur amaċ aici. An oiḋċe ar rugaḋ
Fionn fuagruiġeaḋ amaċ ag an tsean
bean go raiḃ cúpla ann agus dubairt
sí duine acab a ċur amaċ aici agus
an duine eile a coinġbeál do'n rí.
Caiṫeaḋ duine acab (Fionn) amaċ
ṫríd a bfuinneóg agus ġab sí 'na
napron é. Ṫug sí léiṫi anson go
dtí abainn é go dtí an áit a raiḃ
easa 'san abainn. Caiṫ sí amaċ ag
uaċtar na h-easa é agus ċuaiḋ sí féin
ag íoċtar na heasa, bí easgan ins
ċaon láimh leis. Nuair a ṫáinig sé ċoim
fada léiṫi. "Tá súil am go ndeanfaiḋ
tú gaisgiḋeaċ" adeir sí. Ṫug sí léiṫi
anson é go ndeaċaiḋ sí isteaċ 7
gcoill. Nuair a ~~[illegible]~~ ċuaiḋ sí isteaċ

sa geoill bí siúinéara istiġ Roinne a
gearaḋ amáiḋ le beiṫ déanaim a ċuid
troscáin ḋó féin. "bíol tá súil am"
adeir sí "ó ṫárla go bfuil an ḃdarnais
ad go ndéanfaiḋ tú áit ḋom féin agus
ḋo'n ṗáisde isteaċ faoi bun crainn".
"Déanfad" adeir sé. Nuair abí an
áit déanta "tá áit beag anseo"
adeir sí "atá 'sa mbealaċ ar mo
ċloigeann agus tabair ḋom an tál
go mbainfiḋ mé as i mbealaċ í." Ṫug
sé ḋí an tál agus 'séurḋ a Roinne sí
an cloigeann a sguabaḋ ḋó féin. Bí
sí a tóigeál suas an ṗáisde ansoin ċoin
ṁaiṫ agus ḋ'féad sí agus bí sí a fáġailt
congnaim freisin ó'n ṁáṫair - bíoḋ an
ṁáṫair a teaċt a breaṫnuġaḋ ar i
bpáisde. bí sé a teaċt suas ariaim go Raib sé
i ndon a ḋul ina stóicín ar a mbáire
a bíoḋ ag a ṫáṫair-mór. Ṫeiġeaḋ a

máṫair-mór a breaṫnuġaḋ air ċuile lá ⁊
uil taoḃ a biṫ a ṫóigfeaḋ é naċ
gcuirfeaḋ amaċ an báire. Ḃí sé ar
siúl áirsin ó lá go lá go dtí sa deire an
lá seo gur cuireaḋ an méid a ḃí sa bpáirc
ar faḋ an aġaiḋ agus ċuir sé an báire
amaċ orrṫab. Ṫáinig an rí sa bpáirc
agus dubairt sé "Cé ar an fírínneaċ
fionn ata a cur amaċ an báire ar mo
ċuid fear uilig". Ṫáinig an tsean ḃean
anseo agus ċuir sí fionn ar a
ḋrom. "Ná raiḃ maiṫ aḋ anois a
ḃodaig ṁóir" adeir sí "tá sé
baistiġṫe aḋ fionn mac Cúl". Lean
siaḋ anseo í agus ní raiḃ siaḋ indon
a teaċt suas léiṫi go dtáinig siaḋ sa
gcoill. Anseo "ta tusa tuirseaċ"
adeir fionn "agus tiubrfaiḋ mise
píosa tusa". Ċuir sé ar a ġualainn
í agus a cloigeann siar ar a ḋrom

Nuair a bí píosa déanta aige ṫug sé
faoi deara go raib sí ag éiriġe an
éadtrom, ḃreaṫnuiġ sé siar agus sé
a raib aige ḋí an méid ḋe na cosa
a bí annas ó na glúinib, bí sí squab-
uiġċe ar srúl ag na ġéagáin uaid ⁊
ugan fios ḋó féin. D'imṫiġ sé in
ḋiaiḋ a ċinn roimhe go dtáinig sé go
dtí an áit a raib an tSionainn ag
éiriġ. Bí teaċán beag ar ḃruaċ na
habainne ar nós bráca. Ṫáinig sé
isteaċ agus fear istiġ roimhe. D'fiarruiġ
an fear cé he, nó cé hí no cé ~~hat~~ h-oileán
é. "Níl fios am" adeir Fionn "aċ
innseóċaid me ḋuit é ċoin fada
agus tá fios am é." D'innis sé don
fear an soin an méid a bí fios aige
faoi na ṡaoġal. "Tá fios am-sa cé
ṫú féin" adeir a fear "is tú mac
Ċúil agus ba col ceaṫar Cúl agus uise-

Ní'l aon ḋuine beó ḋe'n ġionalaċ sin
Éirinn aċ mise agus d'éiriġ liom-sa na
h-aoba a tabairt liom. Aċ fanfaiḋ
tú in aonfaċt liom-sa go ceann
cúpla bliaḋain. Tá tú lag fós aċ
beiḋ tú do ríġ ar an féirm fós." D'fan
sé in aonfaċt leis go ceann cúpla
bliaḋain agus ḃí sé 'na fear ċairt
cíonn an uair sin. Ansoin dubairt
an fear leis "Tá obair mór ḋá deanaim
i gContae Cláir anois. Sé Gabal Mac
Bóirne atá 'na máiġistir ar a bféirm
anois. Tá siad a deanain oibreaċa
agus tá an obair 'gá leagan ortaḃ
ċuile oiḋċe agus ní'l sé ḋe misneaċ
aċa í fairead. Leanfaiḋ tusa an taoḃ
ṫiar ḋe'n tSionainn agus tiubarfaiḋ sí
amaċ díreaċ go dtí an áit a bfuil siad a
deanain na hoibre. Gabfaiḋ tú an Cainnte
le Gabal agus innseóċaiḋ tú ḋó cé tú

féin agus abróċfaiḋ tú leis go dtiocfaiḋ
tú féin a faireaḋ na hoibre. Déarfaiḋ
Seiseon má ṫeigeann go mbeiḋ tú do rí
ar a ḃféinn arís. Cé ar biṫ rud a ṫiocfas
ag leagan ná bíoḋ faitċíos a biṫ ort roiṁe.
lean é ċoiṁ fada is féadfas tú." Buaiḋ le
Fionn ansin. Bí sé a siúbal leis a tSionainn
agus sgeorr gur casaḋ fataċ leis agus
bradán marḃuiġṫe aige. "Tabair leat an
breac sin agus róst dom é fuis i gcúirt
sin ṫall" adeir a fataċ "agus bíoḋ sé
róstuiġṫe agat dom nuair a ṫiocfas mé
isteaċ gan ball ruaḋ na losguiġṫe a
beiṫ air". Ṫug Fionn leis a breac agus ṫug
sé isteaċ sa gcúirt é agus ṫosuiġ sé
'gá róstaḋ. Ní raiḃ sé a leigint daṫ a
biṫ ar a gcraiceann aċ an daṫ a bí air
ar dtús aċ sa deire d'éiriġ bolsgóid air.
Ḃrú sé a ṁéar ar a mbolsgóid agus
Dóġaḋ a ṁéar; Cuir sé a ṁéar ina

béul agus ċangail sé go smiur í. Sin é
an uair a ṫáinig an fios ḋo Fionn. Sé an
fios a fuair sé an t-am sin gur ċuma
ḋó cé'n ċaoi a mbruiġfeaḋ sé an ḃradán
ḋe ar a bpoinnte agus a dtiocfaḋ an
faṫaċ isteaċ go marbóċaḋ sé é. Breaṫnuiġ
sé os a ċionn agus ċonnaic sé clainne an
faṫaiġ os a ċionn agus fuair sé ~~an~~ ḋe
fios nár a dtugfaḋ sé leis a clainne go
leonfaḋ a faṫaċ é. Ṫug sé leis a clainne
agus d'imṫiġ sé agus nuair a ṫáinig a
faṫaċ isteaċ agus fuair sé an clainne imṫiġṫe
níor leig faitċíos ḋó é leonaċ. Bí Fionn
a siubal leis arís go dtáinig sé go dtí
an áit a raiḃ na Fianna ḋéanaṁ na
n-oibreaċaí. Ṫáinig. Ansoin an ċéad
fear arab a dtáinig sé suas leis
D'innis sé ḋó go b'é Fionn é. Ṫug
sé sin ċoin fada le gabail é.
"Bail anois" adeir a fear craicuġí

"láṁ le céile". Ruġ siad ar láṁ ar
a ċéile 7 ċraiṫ siad láṁ le céile.
Dubairt Gabal ansan go raiḃ an
obair 'gá leagan orraib. "Cé'n
ċiall" adeir Fionn naċ bḟaireann
sib í". "Boil" adeir Gabal "tá fios
ainn céard tá 'gá leagan agus tá
faitcíos orainn; tá fios ainn gur tarḃ
é." "Boil céard a ḋéanfas sib liom
sa má fairim í agus an tarḃ sin
a ṁarbuġaḋ". "Déanfaiḋ muid rí
ḋíot" adeir Gabal. D'imṫiġ leis
ansan agus d'ḟan sé a' faire na
hoibre céard abí siad a ḋéanaṁ
cúirt mór. 'S gearr go dtáinig a'
tarb, agus gur ċuir sé adarc faoi
ċúinne mór agus gur leag sé í.
D'éiriġ Fionn agus nuair a ċonnaic a
tarb é riṫ sé agus lean seisean
é. Ċonnaiġ an tarb a riṫ ná gur

bain sé amaċ an fairrge, ~~ċuaiḋ~~ ṫug
sé an fairrge air féin go ndeaċaiḋ sé
'sa snáṁ. Lean fionn é go raiḃ sé
suas ṫar a ḃásta agus nuair a ḃí sé
ṫar a ḃásta d'fill sé. Nuair a
ċonnaic an tarḃ a filleaḋ é "Ó"
adeir sé "is olc a fear ṫú nár lean
tuille mé. Dá leanfá mise go mbeaḋ
an tuisge a' dul isteaċ 'n do ḃéal
ní ḃeaḋ aon fear 'sa ndoṁan a
ḃeaḋ ċoṁ láidir leat. Aċ níl aon
fear 'sa doṁan ċoṁ láidir leat ó
do ḃásta síos. Siubailfiḋ mise leat
anois ċoṁ fada leis a' gcuirt agus
nuair a ḃeas muid ag a' gcuirt bainfiḋ
ṫú an cloiḋeaṁ ḋíom. Agus seo breán
buiḋe ḋuit agus nuair a ṫiocfas na
fianna ag a' gcuirt ar maidin sáċ a
breán 'sa gcloiḋeaṁ agus abair
leóṫab é ċaiṫeaḋ ṫar a' gcuirt agus

ní ċaiṫeaḋ a bfuil ḋe ḟir 'sa ḋoṁan
ṫar a gcúirt é. Nuair a ċluinfeas
sé orrṫab ansoin gaib tú féin ag
a gclóigeann agus bain an bréan
buiḋe as agus caiṫ trí nó ceaṫair
ḋe ċuarta ṫar a' gcúirt é. Cuir
a bréan buiḋe ann ansoin arís
agus ansoin glacfaiḋ siad faitċios
roṁat, agus ní mór duit iad a glacaḋ
faitċios roṁat mar má geall gabáil
féin p. ríoġamalaċt duit ní ċiubrfaiḋ
sé duit é. Mise do ṡean aṫair a
ṫáinig leis an méid sin a ċur amaċ
roṁat. Nuair a ḃeas an maigistirlaċt
7 a'd cuir fró tú mise go breaġ
graoiḋeaṁail. beiḋ an oiread faitċios
acab roṁat agus beiḋ ag sgolairí
roiṁe máigistir sgoile agus ní ḋéan—
faiḋ siad aon blas go deó aċ an
ruḋ a déarfas tú léiṫab." Nuair

a ṫáiniġ siad ar maidin "Tá an tarḃ
marḃ" adeir sé "agus an cloigeann
bainte de. Gaiḃiġí a leiṫ go bfeicfiḋ
mé cé agaiḃ fear is fearr a ċaiṫfeas
ṫar a ġūirt é." Ṫáiniġ fear acab
agus burc agus ṫáiniġ a raiḃ acab
ann sé ní ċorróċaiḋ a raiḃ acab ann
ḋe'n talaṁ é. Ċuaiḋ sé féin ansoin
agus ṫairriŋ sé an breán as agus ċaiṫ
sé trí no ceaṫair ḋe uaire ṫar a ġūirt
é agus ansoin ṡáiṫ sé an breán ann
aríst. Nuair a bí an breán sáiṫte
aige ann ansoin "Caiṫfiḋ mise an
tarḃ sin a ċur go graoiḋeaṁail" adeir
sé "ó ṫárla gur marḃ mé é mar níl
fios a'm cé'n bealaċ a bí leis." Cuireaḋ
an tarḃ ansoin ċoim graoiḋeaṁail ⁊
ċuirfiḋ fear a bíṫ ariaṁ. Ansoin ní raiḃ
rud a bíṫ a bí sé ráḋ leis na fianna
uaiḋ sin amaċ na raiḃ siad a

Ḋeonain.

2/8/31

(Sgríoḃ Peadar Ó Conċeanainn an ċuid eile de Sgéalta na bFianna uaiḋ Micilín i nGaillimh)

## Caisleán Mion Toċ

An ċuid ar bain na flaiṫbeartaiġ
amaċ Conamara de Iarla Ċlann Riocaird

An t-Iarla mór abí ina ċomhnuiḋe ann
(Iarla Ċlann Riocaird) bí sé a ṫóiġeál
cíos ar Conamara agus ní raib i
gConamara uiliġ aċ flaiṫbeartaiġ (mar
a raib beaġán). An fear abí ansoin a
ṫóiġeál an cíos aige ċuaiḋ sé ṫart
agus ní bfuair sé pisinn cíos. Nuair
a ċuaiḋ sé sin abaile ansoin ċuir sé
an mac amaċ. An ċéud teaċ a dtáiniġ
an mac isteaċ ann bí cúlaċ [comhla] 'sa doras
agus maide bradaċ cíos faoin gcúlaċ [agus poll cíos faoi]
agus nuair a ṡeas seisean ar a gcúlaċ
ċuaiḋ sé síos 'sa bpoll agus níor féud
sé teaċt aníos gur baineaḋ an cloiġeann
de. Nuair abí an cloiġeann bainte
seabóde ṫug siad aníos é. Bí na
bailteaċaí ar fad cruinniġṫe ann

agus ċuaiḋ siad 'un crainnce le na
céile ce' acab a ṫiúbrfaḋ an cloiġeann
abaile ag an ṡtair. An fear a dtáinig
sé ar a ċrann an cloiġeann a tabairt
abaile ba as Mág Cuilinn é. Ṫug sé
leis a ċapall agus ċuir sé ~~tag~~ an
cloiġeann síos i mála agus ċuir sé
ar ċosaċ a capaille. Ní raib aon
bóṫar a ḋul isteaċ go Gaillimh san am
sin na aon droiċead ar abainn aċ
droiċead Sráid Naoin Doṁnic. Ċuaiḋ
sé suas Sráid Naoin Doṁnic agus
suas ṫríd a mbaile mór agus soir a
bóṫar beag agus bí cúl bóṫar ag
imṫeaċt as a' mbóṫar beag a ḋul
go Mionloċ agus ċuaiḋ sé an bóṫar
seo go dtáinig sé ag a ġeaislean.
Nuair a ṫáinig sé ag a' ġeuslean
bí an ċórna nua acab é. Bí
neart saiġdiur ann agus nuair a

Connaic siad an mála síl siad gur
mála óir a bhí aige agus bhí a lámha
suas scab agus leig siad isteach sa
gcúirt é. Níor stop sé ansin go ndeachaidh
sé suas ar a bpárlús gur leag sé an
mála ar a' mbord ag an a chair agus gur
shiubhail sé amach 7 go ndeachaidh sé
a' marcuigheacht ar a chapall agus gur
thug sé bóthar dí com tréan agus
d'fheadh sé an bealach a dtáinig é.
Nuair a fritheadh amach ansin céard
a bhí 'sa mála cuireadh na saighdiúir ina
diaidh. Siar ag Maigh Cuilinn a ~~fuaid~~ cuireadh an
capall ó shiubhal air a caitheamh léithí
agus tháinig seisean anuas de. Bhí
Gort tíghe na fola
na flaithbheartaigh ar chaon taobh dhen
bóthar ansin isteach go Gaillimh
agus níor fhág siad duine arlain de
na saighdiúir beo. Níor iarr an tIarla
aon pighinn chíos ina dhiaidh sin agus

bí Conamara saor ag na flaitbeartaig

2/8/31

Sgéal an Éin Órḋa

Baintreaċ a ḃí ann agus beirt mac aici agus inġean. Ní raiḃ aon ḃlas ó Ḋia aca aċ an méid a ḃí an ċlann mac a ṡaoṫruġaḋ a baint coille agus 'gá ḋíol ar a margaḋ. Ḃí siad lá ansoin agus casaḋ éan órálta leoṫab isteiġ 'sa gcoill. Ċuaiḋ siad a ríṫ ar an éan agus ḃí sé an oiḋċe nuair a rug siad ar an éan. Nuair a ṫáiniġ siad abaile ansoin ḃí an ṁáṫair as a ciall nuair naċ airgead déanta acab de'n ċoill mar ní raiḃ sí i ndon béili a ġléas gan a luaċ a ḃeiṫ aici. Ḃí an oiread cion acab ar an éan ansoin agus ḃí faitċíos orṫab go marḃóċaiḋ an ṁáṫair é. D'imṫiġ leóṫab agus ċuir ċuir siad isteaċ faoi ḃéal poca é ⁊ ċuir siad clár beag faoi ḃéal a poca

a bheaḋ a leigint gaoṫ isteaċ ag an éun. Nuair a d'éiriġ siad ar maidin breaṫnuiġ siad isteaċ faoin bpota ar an éun agus breaṫnuiġ siad ar ċaoi naċ n-imṫeoċaḋ an t-éun uaṫab agus bí ~~[illegible] [illegible]~~ ub óir beirṫe ag an éun. Ṫug an máṫair léiṫi ansoin agus ṫug sí ċoṁ fada le ceannuiḋe siopa í agus fuair sí neart airgid uirṫi agus d'féadaḋ sí béili maiṫ a ġléasaḋ ansoin. Maidin lá'r na báireaċ ansoin bí ub óir eile beirṫe aici agus ṫug sí léiṫi í agus ċuaiḋ sí ċoṁ fada leis a' gceannuiḋe siopa agus ḋíol sí í. An criomaḋ lá bí ub aici agus ṫug sí ċoṁ fada leis a gceannuiḋe siopa í. Nuair a ṫug sí an criomaḋ ub aige. "A bfuil a' t-éun sin a'dsa" adeir sé "a tá a breiṫ na n-ubeaċa sin". "Tá" adeir

sí. "Bíodh" adeir sé "má ṫugann ṫusa
t-inġean dom sa agus an t-éun sin
a ṫabairt de spré dí pósfaiḋ mé
í. D'imṫiġ léiṫi agus ċuaiḋ sí abaile
agus ṫug sí aiġe an inġean agus an
t-éun agus ar a ḃpoinnce agus a ḃfaca
seisean an t-éun pós sé an inġean.
Ar maidin lá'r na ḃáireaċ dubairt
sé le na ḃean (an inġean) an t-éun
a ṁarbuġaḋ agus an aob a ṫabairt
le n-ite ḋó. Nuair a bí an aob ar a
teine ṫáiniġ duine de na ḋreáċaraċaiḃ
a fuair an t-éun a ċaoineaḋ an éuin
agus nuair a ċonnaic sé an aob ar
a teine níor ṗinne sé aċ í ṡluġaḋ.
Nuair a d'iarr an ceannuiḋe siopa
an aob le n-ite dubairt sise gur ṡluiġ
duine de na ḋreaċaraċaiḃ í. "Má
ṡluiġ" adeir seisean "teiriġ ṫusa
abaile". Díbriġ sé abaile í. Ní raiḃ

aon ġnó aiġ a dreáċair ansoin a
taobaċċáil an tiġ mar ġeall ar an
ṁáċair agus d'imtiġ sé leis i ndiaiḋ
a ċinn Roibín. Casaḋ isteaċ i dteaċ
é. D'iarr sé lóistín agus fuair. D'fan
sé trí lá ann agus an lá ar imtiġ
sé ċuaiḋ bean a tiġe suas go dtí
na leabaiḋ agus fuair sí trí cansaċ-
áin óir faoi na ċloigeann. Ċuaiḋ sí síos.
"Leanaiġ an fear sin" adeir sí le
na clann fuair mé trí cansaċáin
óir faoi na ċloigeann agus má tá mé
beó d'iṫ sé aob an éin órda agus
níl aon maidin ċuinf béas sé beó
naċ mbeiḋ cansaċ óir faoi na ċloigeann".
Ċuaiḋ siad ina diaiḋ agus nuair a ṫug
siad ar ais é. "Ar iṫ tusa aob aon éin"
adeir sí. "~~Sin~~" "D'iṫeas" adeir sé.
"Sin é an t-éan órda" adeir sí.
'Fuair mise trí cansaċ óir faoi do

ċloisgeann tuidlu agus níl aon ṁaidin an
faḋ is beas tú beo naċ mbeiḋ ean ġaċ
óir faoi do ċloisgeann". "Ṁáis mar sin é"
adeir sé "bíoḋ na trí ċinn sin aiḋ
sa beiḋ mo ḋóiṫin a'm sa." "Ba
ṁaiṫ liom tú ċur ar tairleaċas"
adeir sí. "Beiḋ mé féin airleaċ feasta"
adeir sé. Bí sé 'ġ imṫeaċt leis ansoin
agus a cruinniuġaḋ a ċuiḋ airgiḋ.
Oiḋċe biṫ bíoḋ sé ar lóistín ansoin
sé'n ċuiḋ maiṫ a ḋeanfaḋ sé an
eanġaċ a ṫóiġeál. Bí bean ann
ansoin ~~anaib~~ caiṫíleadóir a sórt
maluiġeaċt éicint le imirt ċártaí
aici agus ní raib sí fáġáil pisinn ag
duine biṫ a bí teaċt ċoṁ fada léiṫi.
Ṫáinig seisean ċoṁ fada léiṫi agus bí
sé tabairt neart imeartas ḋi. Dubairt
sise léiṫi féin ansoin "níl aon fear
beo a ċoinneoċaḋ imirt liom-sa aċ

fear a ḃeaḋ a ḋeanaiṁ airgiḋ ḋe
má tá mise beó tá aoḃ an éin
órṫa iṫte a'ḋ sa. Aċ má tá ní
béiḋ mór an aḋair go mbeiḋ sí iṫte aim
sa." D'imṫiġ léiṫi agus ṫug sí neart
óil ḋó oiḋċe. Ṡíl sé naċ nḋeanfaḋ
sé taḋa air aċ ċuir sí ar meisg
bí an t-ól ċoim láidir sin. Nuair a ḃí
sé ar meisge ċuir sí isteaċ i
leabaiḋ é agus ṫug sí purgóid
ḋó a ḋ'iompóċaiḋ a goile. Tosuiġ
sé ċur amaċ ansoin agus ḃí sí
a faire air ariaṁ gur ċuir sé
amaċ an aoḃ agus ṡluiġ sí í.
Nuair a ḋ'eiriġ seisean ar maiḋin
b'éigin ḋó imṫeaċt leis agus gan
an oireaḋ aige agus ḋéanfaḋ torran
ar leic. D'imṫiġ leis ansoin gur
casaḋ garaṁeadóir leis a mbioḋ sé
a caint go minic leis. "Cé'n

sórt coír é sin ort." adeir an
gaṙaíḋeadóir" ḋe ḟear a ḃí ċoṁ saiḋḃir
leat. Cuirfiḋ mé geall gur ṫeangaiḋ
an cailín leat gur ċuir sí coír
éiriṫ ort gur ḃain sí ḋíoṫ an
aoḃ a ḃí sluigṫe aiḋ." "Cuir sí"
adeir seisean. "B'féidir go gcuirfinn
sé an do ċuid airgid fós tú"
adeir a' gaṙaíḋeadóir. Ṫug an
garaíḋeadóir culaiṫ éadaiġ aige.
"Cuir ort í seo" adeir sé. Ṫug sé
ciseán úḃall isteaċ aige. "Bí ag
iṁéaċt ṫart a ḋíol na n-úḃall seo"
adeir sé. "Coiṁniġ súil ṁaiṫ ar an
úḃal mór seo go dteasfaiḋ tú ag
tiġ na mná sin. Beiḋ a cloigeann
amuiġ ċrí fuinneóg ṫuas i mbarr
a tiġ." "Caiṫ aníos ceann ḋe na
húblaí sin ann 'á ḋéarfas sí go
bḟeicfiḋ mé b'ḟuil siad milis." Caiṫ

Suas an tubáll mór seo aici. Tá
sé an milis agus Ċom maiṫ agus
beas an greim deirneaċ iṫte aici
beiḋ péire adarca móra fásta uirṫi
agus ní beiḋ sí a ndon a cloigeann
a ṫarraingt isteaċ tríd a' bfuinneóg.
Ċom maiṫ agus d'feicfeas tusa na
hadarca fásta uirṫi ṫeara Ċom
fada liom sa." D'imṫiġ leis a díol na
hubáll go dtáiniġ sé Ċom fada léiṫi sé
agus a cloigeann amaċ tríd ~~barr~~
fuinneóg i mbarr a ṫiġ." Caiṫ anios
ceann ḋe na húblaí sin aim" adeir
sí go bfeicfiḋ mé a bfuil siad milis".
"go deimin níor iṫ tú ariaṁ* níos milse"
adeir seisean, a Caiṫcaim an úbla
mór suas aici. Ṫosuiġ sí ag iṫe an
úbla agus nuair a bí an greim deirneaċ
iṫte aici bí péire adarca Ċom mór le
adarca fiaḋ ~~rice~~ ~~ar~~ fásta uirṫe agus ní

Raiḃ aon amarc aici le fáġail ar san.
"Ṫáiniġ sé ar ais go dtí an garaḋadóir
"ḃfuil na hadarca fásta ar uirċi"
adeir a garaḋadóir. "Tá" adeir sé.
"Seo culaiṫ éadaiġ duit. Gaḃ ar ais
go dtí í arís mar aċneóċaiḋ sí ṫú.
Seo uḃall eile duit. Beiḋ an teaċ láin
le dochtúirí ag iarraiḋ na hadarca
ḃaint dí. Gaḃ suas i mbarr a tiġe.
Fiafruiġ dóiḃ a ḃfuil siad i ndon na
hadarca a ḃaint dí. Déarfaiḋ siad
san naċ ḃfuil. Abair ṫusa go ḃfuil tú
féin i ndon ga mbaint dí. Ḃí cuir
síos as barr a tiġe ar fad iad. Taḃair
an t-uḃla le n-iṫe dí agus nuair a ḃéas
an t-uḃla iṫte aici beiḋ na hadarca
imiġṫe dí. Beiḋ sí an-tuirseaċ
ansoin agus nuair a ċuirfeas tú
sa leaba í seo gráinne púdair
duit agus taḃair dí le n-ól ar gloine

fíon é agus iompóċaiḋ sí ṫart a
ċur amaċ. Bí tusa a faire go
gcuirfiḋ sí amaċ an aob agus sluig
í. Ní féudfaiḋ sí tada a ḋéanaṁ
ort níos mó." D'imiġ leis ansoin
agus ċulaiṫ doċtúra air go dtáiniġ
sé ag a teaċ. Bí an áit lán le
doċtúirí. "Â bfuil sib a féudaċtáil
na ḣadarca a baint ḋí" adeir sé.
"Níl" adeir siad. "Goil gaibigí síos
as seo" adeir sé agus bainfiḋ mise
ḋí iad. Ċuaiḋ sé suas ansoin agus
ṫug sé úball ḋí. Bí sí breaċnuġaḋ
ar an úbal ansoin. "Úbal a ċuir orm
ċeana é" adeir sí. "Má seaḋ" adeir
seisean bainfiḋ sé ḋíoc aríst é." D'iṫ
sí an t-úbal ansoin agus ṫuit na
ḣadarca ḋí. Ṫairrniġ sé isteaċ ansoin
í agus í nach mín marb. Sín sé ar a
leabaiḋ í agus ṫug sé slainte fíon

Dí agus an púdar air. Ċom luaṫ agus
ṫuit sí ina coḋlaḋ ṫosuiġ sí a ċur
amaċ. 7. bí seisean a faire gur ċuir
sí amaċ an aoḃ. Sgiob seisean í
agus niġ sé í agus sluig sé í. Nuair
a ḋúisiġ sí ansoin ḋaiṫuiġ sí é.
"Tá cuid mór ḋe do ċuid airgid
ansa" adeir sí. "agus is fearr ḋuit
mé pósaḋ." "Níl aon loċt agam ar"
adeir sé "'sé cuirfiḋ mise poll maiṫ
in do ċuid airgid ar ḋtúis."
"Feicfiḋ tú do roġa ruḋ a ḋeanaim
leis" adeir sí. Pós siad agus sé'n
céad maiṫ rinne sé mála mór
óir a ċur ag an ngarraḋóir. Ċuir
sé carr loċtuiġṫe le ór aboile ag
a ṁarcaiḋ agus ḋiorḋuiġ sé a leaṫ
a ṫabairt ḋom ċeannuiḋe siopa 7
an inġean a ċur ar ais aige. Nuair
a fuair an ċeannuiḋe siopa an

tairgeaḋ ḃí sé sásta gaḃṫaḋ
ar an ingean a ṗósaḋ. Ṁair sé
féin agus í féin an aonḟaeċ agus
ṁair an ṁac agus a ḃean féin
an aonḟaeċ arís go bráċ

2/8/31

Seán Ċormaic – an Coisiġ
a ḃí i Muiġ Inse

---

Fear a ḃí i gCarna i raiḃ Bob Barry air. Cuir sé bád go Gaillim lá agus a ḃreaċair go agus bádóir innte. Nuair a ḃí an bád imṫiġṫe cuimniġ sé gur rinne sé dearmad. agus ní raiḃ posta a ḃit ag imṫeaċt san am sin. Dubairt fear eicint leis dá gcuirfeaḋ sé fios ar Seán Cormaic go Muiġ Inse go ndéanfaḋ sé na gnó ḋó. Cuir sé fios ar Seán agus sgríoḃ sé litir agus dubairt sé leis san an litir sin a taḃairt do son ḋuine go dtiubfaḋ sé dá ḃreaċair i nGaillim í. D'imṫiġ le Seán agus ceis cóir a ḃeiṫ aige a mbád sé Seán a ruġ ar téad uaċaḃ ar ċeann a ballá sa Sean-duġ i nGaillim. Nuair a ruġ sé ar a téad uaċaḃ agus gur

Ṫáinig Dickie Barry amaċ. "Beiḋ mé
ḋul abaile arísṫ" adeir Seán agus
tá sé ċoim maiṫ ḋuit litir eile
a ṫabairt ar ais ḋom go dtí do
ḋreaṫair. Sgríoḃ sé litir dó agus
d'iompuiġ sé ar ais go dtáinig sé
go dtí Bob i nGlárna. "Síl mé"
adeir Bob go raiḃ tú le ḋul go
Gaillim ḋom". "Bí mé ann" adeir
Seán. "Dá mba capall rása ṫú"
adeir Bob "ní ḃeiṫfeá ann" adeir
Bob. "Bíoḋ" adeir Seán "agus seo
litir a sgríoḃ do ḋreaṫair." Nuair
a léiġ Bob an litir "tá an ceart
aiḋ" adeir sé "óiċ caiṫfiḋ sé naċ
iad do ċosa féin abí a siubal aiḋ."
Creidim go dtug sé luaċ a saoṫair
ḋo Seán. D'imṫiġ Seán amaċ
agus bí grian i Muiġ Inse aige.
Tá muinntir Ṡeáin seo i
Muiġ Inse fós. 2/8/37

## Seán 'de Séamus

Fear aḃí ann agus ḃí aṫair caillte. Ní raiḃ an t-aṫair a ḃfad caillte. An-fear aḃí ann, toġaḋ na ḃfear. Ní raiḃ aon clann ag a ṁaṫair aċ é. Ba ġearr ansoin gur cailleaḋ é féin agus ḃí a ṁáṫair an-uaigneaċ. Ḃí bean siuḃal a ~~ga~~ ḋul ṫart ansoin agus ḃí ingean an aonfaic léiṫi. Ṫáinig an ḃeirt ḋeab isteaċ ag ṁaṫair Seáin. Duḃairt a ḃean tsiuḃal ansoin go raiḃ an-ċás aici di. "Níl neart air" adeir a ṁaṫair níor ḃeag ḋúinn duine ḋeab imteaċt uainn gan an ḃeirt ḋeab imteaċt uainn". "Bíoḋ" adeir a ḃean tsiuḃal "tá t-fear caillte ceart aċ níl t-fear caillte ċor a' ḃiṫ fós. Tiuḃrfaiḋ mise ar a' mbeoinn a· mac má ṫeallan tú ḋom go

dtiubrfaiḋ tú ḋo ṁ·inġean le
pósaḋ é." "Tiubrfaḋ" adeir a
ṁátair "ní baoġal a·biṫ naċ
ndeanfaiḋ mé sin má tá tú
i ndon é ḃainnt amaċ". "Ní
ḃainfiḋ tú amaċ é" adeir an
inġean mar níl tú 'ndon é ḃainnt
amaċ aċ ó tárla go ḃfuil sé dul
dá tabairt domsa le pósaḋ,
ḃainfiḋ mé féin amaċ é". Fuair
sí soiṫeaċ teara ansoin agus ċuir
sí sean éudaċ uirti féin agus
ċuimil sí an teara bog báiṫte 'sa
sean éudaċ. Fuair sí leabaiḋ
ansoin a raiḃ cluimṫaċ innte
agus roinnáil sí í féin 'sa gcluimṫaċ
nuair a ḃí an cluimṫaċ ansoin
greamuiġṫe 'sa néudaċ ní faca
tú feic a·biṫ 'ran ba ḃreaġṫa
ná í. Buail léiṫi ansoin agus

ġléas sí suas trí cinn de
bratacaí ar maiḋí agus croċ sí
suas ar aġaiḋ dorus na bruiḋne
iad agus ċuaiḋ sí féin i bfolaċ
taoḃ ṡiar den ċeann ba fuide
amaċ acab Ruf na raiḃ aon
feiceál uirṫi. Nuair a ċonnaic
bainríoġan na bruiḋne na bratacaí
ċaiṫ sí saiġeaḋ le ceann acab
agus leag sí é. Ċaiṫ sí saiġeaḋ
leis an dara ceann agus leag
sí é agus ċaiṫ sí saiġeaḋ leis
an triomaḋ ceann agus leag sí é.
Ḃí an inġean le feiceál aici
ansoin. Nuair a ċonnaic sí
ansoin í labair sí amaċ léiṫi
mar seo
"Ar tí deirde, Julia no Venus
na bainríoġan ċeann léime
Nú bainríoġan na bruiḋne bRice na
neaċ 7 na n-éanla"

"Ní mé" adeir sí "duine bíṫ den méid sin
Aċ sé m'aṫair Rí na hÉireann
Sí mo ṁáṫair ~~craoḃ~~ craoḃ gan aon loċt
Sé m'úncail Gruaġaċ na Gréine
Aċ 's fada ġluais mé treasna Éirinn

Ó Ċrue Cruaḋċa ḋo Ċruaḋ binn Éadair

An áit ar cróċaḋ Conán a ġarda
A fear a b'fearr a bí ar na Fianna Éirinn

Ar ṫóruiġeaċt mo ḃonáin Seán 'ac Séamuis
Cuir ċugam amaċ é má ṫógruiġeann tú féin é."
"Ní féadaim" adeir sí "tá bean trom ó aréir uaiḋ
go b'in é an tainRaf naċ mbéarfaḋ
ainRaf na heilide measgail a tsléiḃe "

"Sé mo líonán Seán 'ac Séamuis
Mac Séamuis na scaisleán agus
na mbó sléigeal
Agus cuir smaċ a'm é má
tosruiġeann tú féin é".
"Céurd a ceannóċaiḋ mac Seáin
'ac Séamuis"
"Breacaḋ na talṁana ḋe bia agus
ḋe ċaoirí
Cúiġ ċéad cat ar ḋaṫ a ċéile
Cúiġ ċéad gandal agus a ġéul
a ċur le ċéile
Cúiġ ċéad bairille ḋe airgead na
Réalaí
Cúiġ ċéad bairille ḋein ġainmhe
is doimhne bfairrge
Agus iad a beiṫ le ċéile"
"Sin rud nac féidir a ḋéanaṁ
aċ coinneóċaiḋ mé féin é".
"go dteagaiḋ an maḋa ruaḋ agus
go ḋugaḋ sé ḋo ġé leis

go dteasfaiḋ an dumlas mór ⁊
go dtugfaiḋ sé tú féin leis
Sgoilteaḋ na heiarnan caċ luaċra
ort do dá ċaob a ṫuitim ó ċéile" –
a ḟáiḋeóg".

Tuit a tanam ar ḃunrioġan na bruiḋne ansoin agus cuireaḋ amaċ Seán 'ac Séamus. Tug sí abaile é agus pósaḋ iad agus ṁair siad go maiċ ḋeas le na ċéile ma ḋiaḋ sin.

Micllin. 15/11/31

# Fíos faoi Donaċaḋ Mór
agus
# Dán a rinne bean Donaċaḋ

Ṫoir i mBéul a' Ċluga a ḃí cómnuiḋe
ar Ḋonnaċaḋa Mór agus ar a
ḋreaṫair An Mucán. Fear maiṫ
a ḃí an Donaċaḋa aċ droċ ḟear
a ḃí 'san Mucán. Bí an Mucán
saiḋbir 7 Donaċaḋa boċt. Bí an
Mucán i gcómnuiḋe ag iarraiḋ cuile
sórt a ċur as do Donaċaḋa. An
lá seo ċuir an Mucán fíos ar ~~[illegible]~~
Daoinib móra ċun dinnéir ag
Donaċaḋa. Ní raiḃ aon blas ag
Donaċaḋa le na n-aġaiḋ aċ caora
ḋub. Nuair naċ raiḃ aon blas le
dearnain aige ċuaiḋ sé síos go dtí
an áit a raiḃ leaċta agus rinne
sé dán. (Níl a dán seo as Micilín)
Sé an t-ainm aca ar a leaċta

seo leacta Donaċaḋa. Nuair abí an
dán déanta d'Oscal Portaċ aníos as
an bfairrge, sé an tainm atá ar
a' bportaċ seo Portaċ Donaċaḋa.
Ṫáinig bád fada aníos an portaċ
agus í loctuiġṫe le ċuile sórt a d'feil
ḋo ḋuine uasal a leagan ar bord
aige. Nuair abí an bád foluiġṫe aige
ṫáinig neaċ ċom fada leis agus
Dubairt sé mar seo "Tá Rán in
do ḋán a Ḋonaċaḋa" "Cén áit
ann" adeir Donaċaḋa. "An té
mbeiḋ an ḋán aige a Ḋonaċaḋa
beiḋ an Rán aige agus an té mbeiḋ
an Rán aige beiḋ an Dún aige agus
Rud a biṫ iarrfas tusa anois tá
sé le fáġail aiḋ". "Seurd iarrfas
mé" adeir Donaċaḋa "naoi naonbar
ḋem muinntir is ṡóill dom i ngaol
a beiṫ an aonfaċt liom 'sna flaiṫis."

"Ḋá niarrfá síol Ádaim" adeir a neaċ
bí sé le fáġail a'd a Ḋonnaċaḋ Ṁóir
an ċroiḋe ḃig". Nuair abí an dinnéar
ḋá ċaiṫeaṁ ansom bí file ann ⁊
dubairt sé "is mairg naċ gclonsluiġeann
a ċiall agus naċ sraon le na ġuiċ
anais ó ṫáinig an fial/cas naċ mait
a bíḋ i-an ċaora ḋuḃ.
bí bean ag Donaċaḋa. Nuair abí
sé ag iarraiḋ na naoi naonbar an
aonfaiċ leis 'sna flaiṫis níor cuimnig
sé ar a mbean cor a'biṫ. Bíoḋ sí
gcomnuiḋe ag casaoine. Sein
leiteannta-mion abí aice 'nair
feicfiḋ mo ṡúil Dia". Nuair a cailleaḋ
í ċuaiḋ sí ċoṁ fada le doras na
blaiṫeas ní léigfí isteaċ í mar
ġeall ar an miona abí aici ⁊
bí Donaċaḋa istig. Dubairt sí
an som mar seo:-

Do ċuid féola na spóláí caola

Gruaiġ do ċinn dá tarraingt ina dtaoiḃe

An Slánuiġeadóir is é 'na balla is é le
colú cloċ ina ṡeasam
Dé haoine ḃí tú tartṁar is ait
a deoċ a ṫug siad le do ṫart duit
Domlas aoḃa, dragún ṫalaiṁ
An sáile i mbarr a púcáin ṁasa
Ṫomadar do léine ansoin go fairrsing
I gle- is go mbeaḋ sí ido leagan
Do ċrois ċuas ar do ġuailí sceala
Do ċoróin spíon as cionn do ḃaiṫis!

Creaċ a ḋéanaiṁ nach ndéantar aiṫris

"Is doiliġ liom an ṗáis siúd ṡíos
in eoċair mic na hóiġe míne
faoi clampar ag damnuġaḋ daoine
leagaḋ crios éadaċ lín air
'Sa brat rúna le na ṫaoiḃ sin
Sleaġ ġéar faoi mórán faobair
Fuil do ṫaoiḃ a ṫigeaċt go taosgbar
Nach áiṫiméal díb a daoine meara
Ṫug a sompla sin dá n-aṫair
Lán ḋe ṫáirní 7 iad scaipiġṫe
Gasúir dá mbualaḋ 7 dá marbuġaḋ
Agus mo ṫruaġ ġéar gaċ bearc acab
Ní do luiġ ḃí tú ar do leabaiḋ
I gclúmaċ na néan na i néadaiġ daite
Gráḋ cléiḃ na sraċríaḋ sa dat sin
Céad glóire leat féin d'éiriġ tú as cab
Osluiġeaḋ doirse na nglas duit
na mór sluaiġte amaċ leat
Ṫug tú loċt. na sé naimsir ní sciatċ leat
Gur 'sa tsaoire gníḋeas ~~[illegible]~~ de na
gnaiṫe failiġeaċ

no treígint céile mo leabta

an faoisdean 's a faoiseac gan aitris
níor rinne mé 'riain a tseirbís ceart duit
mar a ndeanfainn bréaga ní bradail
ní dul a séanad mo baiste
ní briseadh carad na ndeoċain fada
gur b'é Dia a guideas deaġaċaí dein
Seabar
Sé beirceann a ciasg in ionad aiṫri
Sé beir soilse i ngrian 's i ngeallaig
An téan 's an uibh 's a tabairt aisci
Sé sgarann gaċ bean le na leanb
Com a laoig agus a searaċ
Ta fear ~~comeac~~ cóirṫeaċ a'm i bflaiṫeas
Tigearna tréan na mbriaṫra blasta
Agus ban tigearna ~~ban~~ na bfírinneaċ
Ciaċ ġealla
Mar sí féin a sgaoil 7 a ceangal
Agus a siubal leis na cianta fada
Agus cuimrig m'anam ar do ṫaisge
agus 's olc mé in éiric do masla"

(Leigfeaḋ Dia isteaċ í an uair sin
maraċ gur lean sí don dún mar
seo)

"Cuimhniġ gur mé Eilis ní Ḃaltair"

"Maraċ an méid sin adubairt tú
leigfinn isteaċ tú" adeir Mac
Dé.
Nuair a d'airiġ Donaċaḋa taoḃ
amuiġ í dubairt sé
"Mo leaṫ istiġ 's mo leaṫ amuiġ
agus leigim ċugat é a Ṁic Dé
gur furasta duine ċur amaċ
Naċ mbíonn teaċ aige dó féin"

"Is fíor sin a Ḋonaċaḋa" adeir
Mac Dé "leigfiḋ mise isteaċ í aċ
deanfaiḋ mé dál di. Ní feicfiḋ
sí aon amarc orm-sa."
Leig sé isteaċ í 7 rinne sé dál
di. 15/10/38.

## Dán Seán De barra

Stóirín beag Protastúnaċ abí in Seán De barra. Bí cailín aimsire Caitiliceaċ 'sa teaċ. Bíoḋ Seán an aonfaċt léiti i gcóṁnuiḋe. An lá seo bí sé a bleaġán na mbeitiḋiġ an aonfaċt léiti agus Dé haoine abí ann. Bí seisean ag ól an bainne agus d'fiarruiġ sé di-se cé'n fáṫ naċ raiḃ ag ól an bainne. Dubairt sí go raiḃ sgaball uirti agus go raiḃ sí ~~ag óhanbam~~ ag crosgaḋ na haoine. "A ḃféadfainn-se" adeir sé "an sgaball a ċur orm agus an aoine a ċrosaḋ" adeir sé. "B'féidir" adeir sí "go ḃfeicfeaḋ do ṁuintir é agus go mbeaḋ siad a troid leat." "Déarfaiḋ mé gur tinn atá mé" adeir sé. Ċuir sé air an sgaball air ansoin agus ċuaiḋ sé a ċodlaḋ 7 Dubairt sé go raiḃ sé tinn agus naċ

níosfaḋ sé aċ aon béilí amáin an lá sin agus nuair a beaḋ an béilí sin réiḋ é dúiseaċt. Nuair a bí an béilí réiḋ ċuaiḋ siad 'sá dúiseaċt agus bí sé básuiġṫe. Cuireaḋ as cionn clár an sin é, cuireaḋ tobaċ agus píopaí air agus bí siad 'sá ḟóraḋ go raib sé 'ngar dá beit 'ma lá. Nuair a bí sé 'ngar dá beit 'ma lá d'éiriġ sé aniar ar a ġclár agus dubairt sé mar seo:-

Éistiġí daoine go n-innsiġ mé sgéul díb
Cé'n na trí nit le na peacaiḃ a déanaim
Failleaiṁnaċ, geallaiṁnaċ, bréugaċ, 's ó
Muire beannuiġ naċ damanta an sgéul é
Nuair a bí mo ċolann sa sínte go suaiṁnaċ
Tobac 'n ioċtar 'gus coinnle ar a huaċtar
'gus m'anam boċt féin ar bóiṫrín a' cruaḋtan
Dul trí bóiṫrí dubá doraċa aréir dom

Sean mná déanaim buadarṫa
Mná óga 's a ndeoir ar a ngruaḋ acab

bí maṫair a Diaḃail ar a taoḃ eile ḋíom
fuaraġaḋ braitlís le fuar ṁearc a géaga
Cur ṫar ís bárr tairt ar m'anam boċt féin
agus ġá ḋaoraḋ
Ní sin é féin a ċráḋ go léir mé
Sé na trí maistín móra a bí ar ġaċ taoḃ ḋíom
Súile trí lasa mar ċaora Caortainn
no mar ċoinnil ar ṫaoḃ cnoc sléiḃe
Ní sin é féin a ċráḋ go léir mé
Sé na trí teinte móra bí ann le ḋul tríoċaḃ
ba mó iad ná cúig ċéad déag cruaċ móna
agus na sliaḃ Tulain cé go ma mór iad
ba ait ḋom féin go nḋearnaiḋ mé an doine
Siúḋ é an áit a mbeinn 'mo luaċramán deanta
'S ó Ṁuire beannuiġṫe sgreadaim ó ċroiḋe orṫ
Ṫáiniġ a ṁaiġdean 's tug sí léiṫi mé go doras
na bflaiṫeas
Ṫáiniġ giúistís breaġ na nġunaí geala
bí sé sgríoḃṫa síos aige go tapaiḋ
An méid an rinne mé ó ṫáiniġ mé ar
a ~~x~~ talaiṁ

An méiḋ a rinne mé ó ḃí mé 'mo leanḃ •
Duḃairt sé gur mó a ḃí ḋéin olc ná ḋéin
maiṫ ann
Gur mé an t-anam a ḃí an Seán De Barra
Agus gur in ifreann síos a ḃí mo leabaiḋ
Ṫáinig Mícéál Árd Aingeal agus dáruig sé liom
síos go geatai ifreann mé
Agus cuirfeaḋ criaṫar poll 'sa gcroiḋe aim
Ṫáinig a Diabal Mór 7 a ċuid páipéir breaca
Páipéar 'na láimh, páipéar 'na ḃéal agus
páipéar ar a talaiṁ
Agus ḃí sé sgríoḃṫa síos go tapa
An méiḋ a rinne mé ó ṫáinig mé ar a talaiṁ
An méiḋ a rinne mé ó ḃí mé 'mo leanḃ
Is mó ḋéin olc a ḃí ná ḋéin maiṫ ann
'S duḃairt sé gur mé an t-anam a ḃí an
Seán De Barra
'S gur in ifreann siorruiḋe a ḃeaḋ mo
leabaiḋ
Ba ait ḋom féin go ndearnaiḋ mé an doirse

Siúd é an áit a mbeinn mo luaċramán deanta
'S ó Ṁuire ḃeannuiġṫe sgreadaim ó ċroiḋe ort
Dísliġ an Ṁaiġdean anuas ar glúine agus noċt sí
a glúine geala
Diarr sí ar a haon mar mé ċur i lúibín claiḋe
no scailpe
Nú mo lon dubh ar ḃarr na gcranna
Nú mé ċur 'mo uisge ar ḃarr easa
Nú mé ċur 'sa ġeolainn céudna raiḃ mé ċeana
Ġaiċris na bpeaca ar a talain ——
Agus beannaċt Dé do ḃéal dá aiċris

Nuair a bí an méid sin ráiḋte aige sín sé siar arísc ⁊ cailleaḋ é. Cuaiḋ sé go na flaiċis ansoin mar bí na peacaí aiċrisí aige ar a talain. Diompuiġ an méid Protastúin abí ann.

29/4/31

# An Paidir Ġeal

"Go mbeannuiġ Dia ḋuit a Ṗaidir Ġeal"
"Go mbeannuiġ Dia is Muire ḋuit"
"Cé'r ċodail tú aréir". "Ar neaṁa na néal"
"Cé ġcodlóċaidh tú anoċt" "Mar ċodluiġeann na boiċt"
"Cé ġcodlóċaidh tú mbáireaċ" "Mar codluiġeann Dia is Pádraic"
"Cé'rd sin roṁat" "Céad easpal"
"Cé'rd sin 'do ḋiaidh" "Céad aingeal".
"Cé'rd sin ar do ġualainn Clé" "Corp Críost"
"Cé'rd sin ar do ġualainn ḋeas" "Naoi mbraon de uisge an Domhain ċuir Muire liomsa deanaim eólus, ó tiġ Páirṫis go dtí tiġ Pádraic agus ó tiġ Pádraic go dtí an teaċ geal udan tall, bfuil a ċoinneal ġeal ina lár. Tá Muire agus a Mac ann Tá Brigid agus a brat ann Tá Micéal agus a sgiaṫ ann agus dá láiṁ ġeala Dia ~~ceaċ~~
7 ġeanaiḃ an anama an lá deiridh"

29/11/37

# Toraḋ na Paise

Eiriġí na suiḋe ⁊ bíġí na seasaiṁ
'S dóċa go ndearna sib a coḋlaḋ fada
Siuḋ iad na sluaiġte ~~[illegible]~~ Deamain a cseaċtṁain
Iúdas Ruċab 'gus ní le maiṫ é
Ruġ sé ar láiṁ ar rí na bflaiṫeas
go dtug sé póg dó níḋ nár ċleaċt sé
A Iúdáis, A Iúdáis is sin í an póg ḃraḋaċ
Ṫug tú dom-sa níḋ nár ċleaċt tú
Ní airgeaḋ ná ór a fuair tú le sgaipeaḋ
Aċ iofrann siorruiḋe go buan mar leabaiḋ
Ṫugadar leó-tab ansoin é go dtí na suiḋeaċam
go dtugadar air gaċ breiṫ dá ḋaoire
Sgiúrsáil nimneaḋaċ a ṫug siad do Iosa
Sgiúrsail geanaḋaċ i ndeire na hoiḋċe
Sċuir deireaċ duine aċab níl sé claoiḋte
Aċ seo ḋuit mo lasġ sa go leiġfiḋ mé mo sgíṫ
Bfuil tart ort-sa anois a ḋuine uasail
Cé beaḋ i mo ċruiṫ go bé dial na truaġ é
Ṫugadar uisge tabarnán luaiḋe

Doulaḟ Draġún 's uim air suaróċe
Leag sé fíor na Croiċe anuas air
'S rinne sé fíon breaġ fulánn fuar ḋe
Cé hí an bean breaġ sin anál ċríd a bḟásaċ
Má tá bean a bíċ ann sí mo ṁáṫair
Cé hé an fear breaġ úd ann, (adursise) i gcraun na paise
bfuil a ṁuineál briste 's é millte gearrṫa
Tuige naċ naiṫnigeann tú do ṁac a ṁáṫair
Is liaċtuig lá bí lámh in do brollaċ ann
'S mé díul do ċlaċ
Nuair a fuair na lúdaí amaċ go bí úd i
a ṁáṫair
Crocadar suas air guaillib árdaí
Nú gur bualcadar anuas ~~air~~ air
leacraċaí na háite í — Óċón ỹ Óċón ó.
Teiriġ a Peadair agus féiċ céin sórt deoraċa
a tá anois le mo ṁáṫair
Deoraċaí dearga atá anois le do
ṁáṫair — Óċón ỹ Óċón ó.
Teiriġ arísc a Peadair agus féiċ céin sórt
deoraċaí a tá anois le mo ṁáṫair

Deoraċaí ruaḋ atá anois le do ṁáṫair
Ó Ċon ⁊ Ó Ċon ó
Ceiriġ arís a Peadair agus feic cé sórt
Deoraċaí atá anois le mo ṁáṫair
Deoraċaí glasa atá anois le do ṁáṫair
Fágann-se iad sin arís leis a saoġal
Ádaim — Ó Ċon ⁊ Ó Ċon ó
Gab leat a Ṫrí Ṁuire ní go gcaoinfiḋ siḃ
mo ġráḋ liom
Céard a caoinfeas muid mar a gcaoinfiḋ
muid a Cráiṫa — Ó Ċon ⁊ Ó Ċon Ó
Caoinfear fós mise in Oileán Páḋraic
Caoinfiḋ na sagairt mé ⁊ caoinfiḋ na bráiṫre
agus na mná beaga eile bíonns a siubal amaċ
na sráide — Ó Ċon ⁊ Ó Ċon Ó.
Níl aon duine a silfeas deoir ar son
mo páise
Naċ bfaiġ sé féin a cuid de na grásta
Ó Ċon ⁊ Ó Ċon Ó.

29/11/37

## Sgéul na Muice Duibe

Maigistir scoile abí ann agus bí sé munaḋ sgoláireaċt. Ní raib aon ċreideaṁ maiṫ ag an maigistir ná ag na sgoláiriḃ. bí buaċaill beag aṁáin a raib creideaṁ maiṫ aige féin agus ag aṫair agus bí an buaċaill a ḋul an sgoile an aonḟaċt leis an gcuid eile. Ar uair a dó ḋéag a gcoinnuiḋe nuair a leigfeaḋ an maigistir amaċ iad a ḋeanaṁ a gcuid pluisiúr ḋeanfaḋ sé muc ḋuḃ ḋe féin agus dá banaḃ ḋéag ḋuḃ ḋe na gasúir naċ raib mórán creideaṁ acab agus banaḃ bán ḋe'n gasúr a raib creideaṁ aige. bí an gasúr ansoin ag imṫeaċt as agus d'fiafruiġ a aṫair ḋe céurd abí air. "boil" adeir an gasúr "ar uair a ḋó ḋéag ċuile lá nuair leigeans an maigistir amaċ muid ḋeanan sé muc

ḋuḃ ḋe féin agus ḋá ḃánaḃ ḋéig ḋuḃ ḋe
na gasúr agus banaḃ bán díomsa. Teagaim
na bainiḃ eile agus bíonn siad a cur
a smut fúmsa agus go mo ċur 'san
aer agus teagann sé féin agus cuireann
sé a smut fúm agus caiṫeann sé suas
san aer ar fad mé." "Bail" adeir a
tacair fanfaiḋ tú sa mbaile a máireaċ
agus geoḃfaiḋ muid congnaṁ agus cuirfiḋ
muid amaċ sa tSionainn iad." Ċoinnig
sé an gasúr ansoin le ír na ṁáireaċ
agus ċruinnig sé congnaṁ fear agus ar
uair a do ḋéug nuair a ċuaiḋ an
maigistir mór seo agus a ċuid bainiḃ
amaċ ċáinig siad ar ċaoṁ taoḃ ḋíoḃ 7
ċuir siad amaċ 'sa tSionainn iad.
Níl aon lá ó ċoin naċ ḃfuil an tSionainn
